**RABHADH**

**Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar.**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001

# STAIR - ARDLEIBHÉAL
**(180 marc)**

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.30**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA | |
|---|---|

**CUIR AN PÁIPEAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**

[Thall

## STAIR, ARDLEIBHÉAL

Freagair ***gach*** ceist. Freagair ceist **1**, ceist **2** agus ceist **3** sna spásanna cuí ar an bpáipéar scrúdaithe.

**1**. **PICTIÚIR** (15 mharc)

Scrúdaigh na pictiúir A1, A2, B, C1 agus C2 a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas.

*(a)* **PICTIÚR A1 AGUS PICTIÚR A2**

*Taispeánann Pictiúr A1 Ard-Chrois. Taispeánann Pictiúr A2 Túr Cruinn.*

(i) Cén gnáth-ábhar a bhíodh le feiceáil sa tsnoíodóireacht ar na hArd-Chroiseanna faoi mar atá i bPictiúr A1?

..........................................................................................................................

..................................................................…………………………………..(1)

(ii) I bPictiúr A2 cén fáth, dar leat, a bhfuil an tslí isteach (marcáilte **X**) tógtha chomh hard os cionn na talún?

............................................................................................................................

………………………….......................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh láthair luath-Chríostaí in Éirinn ina bhfaighfeá sampla de gach ceann díobh seo a leanas:

*(a)* Ard-Chrois: ………………………………………………………………………

*(b)* Túr Cruinn: ........................................................................................……....(2)

*(b)* **PICTIÚR B**

*Radharc ó shaothar ealaíne le Raphael a dtugtar "The School of Athens" air is ea Pictiúr B.*

(i) Seo pictiúr ón Renaissance. Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón bpictiúr chun tacú leis an ráiteas seo.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(ii) Ainmnigh péintéir **amháin** a bhain leis an Renaissance nárbh as an Iodáil dó agus ainmnigh **ceann** dá shaothair.

Péintéir: ...............................................................................................................

Saothar: ...............................................................................................................(2)

*(c)* **PICTIÚR C1 AGUS PICTIÚR C2**

*Póstaeir thoghcháin ó olltoghchán 1932 in Éirinn is ea Pictiúir C1 agus C2.*

(i) Cén argóint a dhéanann Pictiúr C1 **nár** cheart vótáil d'Fhianna Fáil?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(1)

(ii) Luaigh ceann **amháin** de na fadhbanna a bhí ag Éirinn ag an am dar le Pictiúr C2.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(1)

(iii) Chomh maith le Fianna Fáil agus le Cumann na nGaedheal ainmnigh páirtí **amháin** a ghlac páirt in olltoghchán 1932.

..........................................................................................................................(2)

(iv) Ainmnigh ceannairí Fhianna Fáil agus Chumann na nGaedheal i 1932.

Fianna Fáil: ...............................................................................................................

Cumann na nGaedheal: ...........................................................................................(2)

**2.** **DOICIMÉID** (15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad **1** agus **2** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Seo sliocht as Forógra Phoblacht na hÉireann a d'eisigh ceannairí Éirí Amach, 1916.*

(i) Cé uaidh a bhfaigheann Éire "seanspiorad na náisiúntachta"?

..................................................................................................................................

……………………….................................................................................................(1)

(ii) Ainmnigh ceann **amháin** de na grúpaí a thug faoi "a cuid fear a eagrú agus a oiliúint".

…………..........................................................................................................(1)

(iii) Tabhair píosa fianaise **amháin** a léiríonn go bhfuair an tÉirí Amach tacaíocht ón iasacht.

..................................................................................................................................

……………………...............................................................................................(1)

(iv) Cén rud a chuireann an doiciméad i leith "an rialtais eachtrannaigh"?

..................................................................................................................................

……………………...............................................................................................(1)

(v) Tabhair **dhá** phíosa fianaise ón sliocht seo a thaispeánfaidh dóchas na gceannairí go spreagfadh an doiciméad seo daoine chun tacaíocht a thabhairt don Éirí Amach.

..................................................................................................................................

……………………….............................................................................................(2)

(vi) Ainmnigh **beirt** de na ceannairí a cuireadh chun báis mar gheall ar an pháirt a ghlac siad in Éirí Amach 1916.

.................................................................................................................................

……………………...............................................................................................(2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Seo sleachta as dhá nuachtán ó Thuaisceart Éireann maidir le Riail Dhíreach a thionscnú i dTuaisceart Éireann i 1972. Tagann sliocht* ***A*** *as an* Irish News *agus sliocht* ***B*** *as an* Newsletter.

(i) Cad a chuirfí in áit Stormont a bhí curtha "ar fionraí"?

..............................................................................................................................

……………………….....................................................................................................(1)

(ii) Cad a chuir cosc ar an mionlach a chuid tuairimí a chur in iúl go hoscailte?

..............................................................................................................................

……………………….....................................................................................................(1)

(iii) Cén bhun-fheidhm a bhí le cinntiú ag Stormont dar leis an *Irish News*?

..............................................................................................................................

……………………….....................................................................................................(1)

(iv) Céard é dearcadh an *Newsletter* maidir le teacht an Riail Dhírigh? Tabhair píosa fianaise **amháin** ón sliocht chun tacú le do fhreagra.

..............................................................................................................................

……………………….....................................................................................................(2)

(v) Ón staidéar atá déanta agat ar Thuaisceart Éireann cén fáth, dar leat, ar thionscain rialtas na Breataine Riail Dhíreach i 1972?

..............................................................................................................................

……………………….....................................................................................................(2)

**3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA** (20 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Ainmnigh **dhá** chineál foinse phríomha a d'úsáidfeadh staraí.

……………………………………………………………………………...............

……………………..............................................................................................(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál tuama a luaitear le hÉirinn Neoiliteach.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** chineál tí a luaitear le ré na gCeilteach in Éirinn.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(iv) Mínigh cén fáth a raibh eallaigh chomh tábhachtach do na Ceiltigh.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(v) Tabhair **dhá** éifeacht thábhachtacha a bhí ag teacht na *Normannach* ar Éirinn.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(vi) Ainmnigh **dhá** chéim i dtraenáil an ridire le linn na Meánaoiseanna.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(vii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le bailte móra sna Meánaoiseanna: *Cuirfiú; Gild; Dola; Cairt.*

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(viii) Céard a bhí i gceist leis an *Bás Dubh* le linn na Meánaoiseanna?

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(ix) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.

...................................................................................................................

………………………...........................................................................................(2)

(x) Ainmnigh dealbhóir **amháin** a bhain leis an Renaissance agus **ceann** dá shaothair.

Dealbhóir: …………............................................................................................

Saothar: …………….........................................................................................(2)

(xi) Ainmnigh **dhá** fhorbairt i réimsí na hEolaíochta nó an Leighis le linn an Renaissance.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xii) Tabhair **dhá** chúis gur cheap go leor daoine go raibh gá le leasú san Eaglais Chaitliceach go luath sa 16ú hAois.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xiii) Ainmnigh leasaitheoir creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus mór-phointe creidimh **amháin** a bhí aige.

Leasaitheoir:...............................................................................................................

Mór-phointe creidimh:………...……………………………………...............…...(2)

(xiv) Luaigh **dhá** éifeacht a bhí ag an Reifirméisean ar an Eoraip le linn na tréimhse, 1517-1648.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xv) Tabhair **dhá** chúis ar mhéadaigh daonra na Breataine chomh mór sin sa chéad leath den 19ú hAois.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xvi) Luaigh **dhá** chúis ar bhuaigh Sinn Féin olltoghchán 1918.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xvii) Ainmnigh **dhá** pháirtí a bhí mar chuid den Chéad Rialtas Idirpháirtíoch, 1948 -51.

…………….................................................................................................................(2)

(xviii) Cén tír a chaill tailte mar thoradh ar Chomhdháil Mhunich, Meán Fómhair 1938?

…………….................................................................................................................(2)

(xix) Mínigh cén fáth a raibh an-ionadh san Eoraip nuair a síníodh an Conradh Neamh-Ionsaithe Naitsíoch-Shóivéadach i 1939.

.......................................................................................................................

…………………………........................................................................................(2)

(xx) Le linn an Dara Chogaidh Dhomhanda, inis cad a bhí in *Oibríocht Bharbarossa?*

……………………………………………………………………………………..(2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5, 6 I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH.**

**4. PEARSANA SA STAIR** (40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Seandálaí ag obair ar thochaltán. (20)

(ii) Manach i mainistir mheánaoiseach. (20)

(iii) Duine dúchasach i dtír a d'aimsigh Eorpaigh le linn Ré na Taiscealaíochta. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.

(i) Tugann duine de lucht tacaíochta an rialtais cuntas ar an tslí inar bhris réabhlóid amach i Meiriceá **nó** san Fhrainc **nó** in Éirinn le linn na tréimhse, 1770-1815. (20)

(ii) Poblachtach le linn Chogadh na Saoirse in Éirinn, 1919-21. (20)


(iii) Tugann ball den páirtí Naitsíoch cuntas ar an tslí inar tháinig Hitler i gcumhacht sa Ghearmáin. (20)

**5.** **PLANDÁLACHA IN ÉIRINN** (30 marc)

**Foinse D**



**Foinse E**




**A.** Scrúdaigh Foinse D, léaráid le Lucas de Heere (c. 1575) de bhean shibhialta ón bPáil agus d'fhear Gaelach.

(i) Tabhair píosa fianaise **amháin** ón léaráid a thugann le tuiscint gur mheas an t-ealaíontóir nach raibh na Gaeil sibhialta. (2)

(ii) Céard a bhí sa *Pháil*? (2)

(iii) Mínigh cén fáth ar thosaigh na Sasanaigh polasaí plandála in Éirinn. (4)

**B.** Scrúdaigh Foinse E, léaráid de lonnaíocht na dTábhairneoirí ag Baile Eachaidh, agus freagair na ceisteanna a leanas.

(i) Cén fáth ar thóg na lonnaitheoirí caisleán? (2)

(ii) Tabhair píosa fianaise **amháin** ón bpictiúr a thugann le tuiscint gur mhair na hÉireannaigh dhúchasacha (na Gaeil) sna tithe atá marcáilte ag Y ar an léaráid. (2)

(iii) Luaigh rialtóir Briotanach a d'ordaigh go gcuirfí plandáil i bhfeidhm in Éirinn. (2)

**C.** (i) Ainmnigh ceann **amháin** de na plandálacha a bhfuil staidéar déanta agat air agus scríobh faoi éifeachtaí na plandála sin ar **dhá cheann** de na réimsí seo a leanas:

*(a)* Smacht polaitiúil.
*(b)* Cultúr agus nósanna.
*(c)* Creideamh. (2 x 8)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## A. Ó THALMHAÍOCHT GO TIONSCLAÍOCHT: ATHRÚ SÓISIALTA SAN 18ú AGUS SA 19ú hAOIS SA BHREATAIN.

(i) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhí ag Córas Feirmeoireachta na nGort Oscailte. (4)

(ii) Ainmnigh feabhsú **amháin** le linn na Réabhlóide Tionsclaíche a bhaineann, dar leat, le gach ceann de **thrí** cinn díobh seo a leanas:
James Hargreaves; James Watt; Abraham Darby; Edmund Cartwright; Richard Arkwright. (6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*(a)* Feabhsuithe i modhanna feirmeoireachta le linn na Réabhlóide Talmhaíochta.
*(b)* Iarrachtaí chun dálaí oibre sna muilte teicstíle agus sna mianaigh ghuail a fheabhsú.
*(c)* Dálaí maireachtála d'oibrithe sna bailte tionsclaíocha.
*(d)* Feabhsuithe sa chóras iompar le linn na Réabhlóide Tionsclaíche. (2 x 10)

## B. FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SA bhFICHIÚ hAOIS

(i) **Imeachtaí in Éirinn 1900 - 1914.**
Meaitseáil gach ní i gcolún A, (1)-(6) leis an ní atá ag freagairt dó i gcolún B, (a)-(f). Ní gá duit an téacs iomlán a scríobh amach i do fhreagarleabhar - is leor an uimhir agus an litir cheart amháin.

| Colún A | Colún B |
|---|---|
| 1. Sir Edward Carson | (a) Polaiteoir a bhain le Rialtas Dúchais |
| 2. Art Ó Gríofa | (b) Ceannaire polaitiúil Briotanach |
| 3. Seán Réamonn | (c) Smuigléireacht gunnaí Bheann Éadair |
| 4. Herbert Asquith | (d) Ceannaire le linn Stailce agus Fhrithdhúnta, 1913 |
| 5. Óglaigh na hÉireann | (e) Ceannaire Shinn Féin |
| 6. Séamas Ó Lorcáin | (f) Ceannaire Aontachtach in Éirinn |

(6)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar chuir go leor daoine in Éirinn in aghaidh an Chonartha a síníodh leis an mBreatain Mhór i Nollaig 1921. (4)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*(a)* Na Léinte Gorma.
*(b)* Caidreamh idir rialtas na hÉireann agus rialtas na Breataine sna 1930adaí.
*(c)* Na 1960adaí i bPoblacht na hÉireann.
*(d)* An saol i dTuaisceart Éireann le linn an Dara Chogaidh Dhomhanda.
*(e)* An Ghluaiseacht um Chearta Sibhialta i dTuaisceart Éireann. (2x10)

## C. ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SA bhFICHIÚ hAOIS

(i) Luaigh **dhá** athrú a tharla sa talmhaíocht ó 1945 anall. (4)

(ii) "Tá feabhas mór tagtha ar stádas na mban i sochaí na hÉireann le 50 bliain anall." An aontaíonn tú? Tabhair **trí** phíosa fianaise mar thaca le do fhreagra. (6)

(iii) Scríobh cuntas ar na hathruithe atá tar éis tarlú i gcúrsaí cumarsáide in Éirinn ó 1945 anall. (10)

(iv) Scríobh cuntas ar na mór-athruithe atá tar éis tarlú sa tslí a gcaitheann daoine a dtráthanna scíthe ó 1945 anall. (10)

## D. CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SA bhFICHIÚ hAOIS

(i) Tabhair cúis **amháin** ar tháinig an faisisteachas chomh mór sin chun cinn san Iodáil le linn na 1920adaí. (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le Benito Mussolini agus an Iodáil:

An Mórshiúl go dtí an Róimh, 1922; Na Léinte Dubha; An Conradh Latаránach,1929; Ais na Róimhe-Bheirlín, 1936. (4)

(iii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo:

*(a)* Cath na Breataine, 1940.
*(b)* Cath Stalingrad, 1942-43.
*(c)* Teacht i dTír na gComhghuaillithe sa Normainn, 1944. (12)

(iv) Déan rogha idir na hÁbhair 1, 2 nó 3 thíos.

Ábhar 1 **Teacht chun cinn na nOllchumhachtaí**

*(a)* Mínigh cén fáth ar thosaigh an Cogadh Fuar i ndiaidh an Dara Chogaidh Dhomhanda. (4)

*(b)* Ainmnigh ceann **amháin** de na mór-ghéarchéimeanna a tharla le linn an Chogaidh Fhuair agus scríobh cuntas ar na héifeachtaí a bhí aici ar an gcaidreamh idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha. (8)

**<u>nó</u>**

Ábhar 2 **Céimeanna i dTreo Aontacht na hEorpa**

*(a)* Cén fáth a raibh go leor tacaíochta ann ar son aontacht na hEorpa i ndiaidh an Dara Chogaidh Dhomhanda? (4)

*(b)* Scríobh cuntas ar na príomh-imeachtaí a tharla sa ghluaiseacht i dtreo aontacht na hEorpa i ndiaidh 1957. (8)

**<u>nó</u>**

Ábhar 3 **Náisiúnachas na hAfraice nó na hÁise**

*(a)* Maidir le tír san Afraic nó san Áis a ainmníonn tú, luaigh ceannaire **amháin** a thug ceannas don ghluaiseacht i dtreo an neamhspleáchais. (2)

*(b)* Ainmnigh an chumhacht choilíneach a raibh smacht aici ar an tír atá ainmnithe agat. (2)

*(c)* Scríobh cuntas ar an gcoimhlint ar son an neamhspleáchais sa tír sin i ndiaidh an Dara Chogaidh Dhomhanda. (8)

S. 24AT

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001


# STAIR - ARDLEIBHÉAL

(**Ná** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)


# FOINSÍ

**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1.**




**PICTIÚR A2.**



*Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí*

**PICTIÚR B.**




*Foinse: Leabharlann na Vatacáine.*

**PICTIÚR C1.**




**PICTIÚR C2.**




*Foinse: Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

## 2. DOICIMÉID

## DOICIMÉAD 1.

**Sliocht as Forógra Phoblacht na hÉireann a d'eisigh ceannairí Éirí Amach 1916.**

A FHEARA AGUS A MHNÁ NA hÉIREANN**:** In ainm Dé agus in ainm na nglún a d'imigh romhainn agus a d'fhág againn mar oidhreacht seanspiorad na náisiúntachta, tá Éire, trínne, ag gairm a clainne chun a brataí agus ag bualadh buille ar son a saoirse.

Tar éis di a cuid fear a eagrú agus a oiliúint ina heagraíocht rúnda réabhlóideach, Bráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus ina heagraíochtaí míleata poiblí, Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann, tar éis di a riailbhéas a fhoirfiú go foighneach agus fanacht go buanseasmhach leis an bhfaill chun gnímh, tá sí ag glacadh na faille sin anois, agus, le cabhair na clainne atá ar deoraíocht uaithi i Meiriceá agus na gcairde calma cogaidh atá aici san Eoraip, agus, thar gach ní, le muinín as a neart féin, tá sí ag bualadh buille i lándóchas go mbéarfaidh sí bua.

Dlíonn Poblacht na hÉireann, agus éilíonn leis seo, géillsine ó gach Éireannach idir fhir agus mhná. Ráthaíonn an Phoblacht saoirse creidimh agus saoirse shibhialta, comhchearta agus comhdheiseanna, dá saoránaigh uile, agus dearbhaíonn gurb é a rún séan agus sonas a lorg don náisiún uile agus do gach roinn de, ag tabhairt geana do chlann uile an náisiúin mar a chéile, gan aird aici ar an easaontas a chothaigh rialtas iasachta eatarthu agus trínar deighleadh mionlach díobh ón tromlach san am atá imithe.

Cuirimid cúis Phoblacht na hÉireann faoi choimirce Dhia Mór na nUilechumhachtaí agus iarraimid A bheannacht ar ár n-airm; impímid gan aon duine a bheidh ag fónamh sa chúis sin náire a thabhairt di le mílaochas, le mídhaonnacht ná le slad.

## DOICIMÉAD 2.

**Seo sleachta as dhá nuachtán ó Thuaisceart Éireann maidir le Riail Dhíreach a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann i 1972.**

*A.* *Irish News*, Satharn 25 Márta, 1972.

Beidh suim i bhfad i gcéin sa triail seo - Stormont ar fionraí agus Rúnaí Stáit ó Westminster, le tacaíocht ó choimisiún áitiúil, i mbun riaracháin.

Sa socrú nua seo, beidh an mionlach fós ina mhionlach, ach beidh siad in ann a dtuairimí polaitiúla a chur in iúl go réidh gan scáth an Achta um Chumhachtaí Speisialta a bheith anuas orthu. Is féidir leo a bheith sásta go leor gur aithníodh laige bhuan-riail na nAontachtaithe ar deireadh thiar.

Ach beidh siad ag fiafraí, an aithníonn an tUasal Heath (Príomh-Aire na Breataine), agus é ag cur deireadh le Stormont, a cuireadh ann leis an uathlathas(smacht) Protastúnach a chinntiú, go gcaithfidh an lá teacht nuair a bheidh Éire aontaithe faoi rialtas uile-Éireann.

*B.* *Newsletter*, 25 Márta 1972.

Focal is ea feall atá searbh agus dainséarach. Is annamh a úsáidtear an focal seo ach nuair a bhíonn fearg i gceist. Fiú má thugann an tUasal Heath dearbhú maidir leis an tréimhse ama a bheidh Stormont ar fionraí nó maidir le ábhar ar bith a bhaineann le todhchaí an chúige, ní bheidh, ar a laghad, milliún saoránach Briotanach i dTuaisceart na hÉireann in ann an focal úd a dhearmad.

Le beagnach caoga bliain d'éirigh le Rialtas Thuaisceart Éireann seasmhacht a choimeád agus, i gcoitinne, an pobal a choimeád slán. Nuair a bhris Westminster ár gcóras cosanta, d'aonghnó, ansin agus ansin amháin a tugadh cead a chinn don sceimhlitheoir agus don choirpeach.

*Foinse: "The Past from the Press" Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.*